Comhairle AE

**PRESS**

**GA**

**PREASEISIÚINT**
112/15
13/03/2015

# Cuireann an tAontas Eorpach síneadh le bailíocht na smachtbhannaí mar gheall ar ghníomh i gcoinne sláine chríche na hÚcráine

**Chuir an Chomhairle fad** le bearta sriantacha an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar ghníomh i gcoinne cheannasacht, shláine chríche agus neamhspleáchais na hÚcráine.

Cuireadh síneadh leis an reo sócmhainní agus na toirmisc taistil a feidhmíodh i leith 150 duine agus 37 n-eintiteas ar feadh 6 mhí eile, go dtí an **15 Meán Fómhair 2015**.

Tugtar éifeacht, leis an gCinneadh sin, do chinneadh polaitiúil a rinneadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 29 Eanáir 2015.

Féadfar teacht ar na gníomhartha dlíthiúla in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 14 Márta 2015.

- Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais maidir le sláine críche na hÚcráine, 15 Márta 2015
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Úcráin, 29 Eanáir 2015
- Bileog eolais faoin gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin (SEGS)
- Bileog eolais AE - bearta sriantacha, an 29 Aibreán 2014

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press